# Scéal, Scéal, Scéal…

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga


**9 Samhain 2023** || Eagrán 172

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

Tá bhur gcúnamh uainn!

## Comórtas Grianghrafadóireachta Chois Fharraige

**Tá féilire 2024 á réiteach againn agus ba bhreá linn bhur bpictiúir a fheiceáil ann!**



Pictiúir ó áit ar bith idir Na Forbacha - Ros a' Mhíl.
Seol do phictiúr chuig: optchoisfharraige@gmail.com chomh maith le d'ainm agus do cheantar.

Roghnófar 12 pictiúir le cur sa bhféilire.
**Sprioc dháta: 16 Samhain 2023**

Spriocdháta!

# EALAÍONTÓIRÍ CÓNAITHE AG STIÚIDEO CUAN

Ainmníodh Cormac Ó Comhraí, Sarah Griallais, Mary Bergin agus Darach Ó Scolaí mar ealaíontóirí cónaithe ag Stiúideo Cuan le gairid. Tá failte roimh chách ag na hoícheanta airneáin agus seanchais a bhéas ar siúl chuile Mháirt @ 8:30i.n. le seal a chaitheamh leis na healaíontóirí cónaithe le cúrsaí ceoil, scéalaíochta, cultúir, oidhreachta agus traidisiúin a cheiliúradh agus a phlé. Saorchead isteach. Fáilte roimh chách.






# FOLÚNTAS AG AN ITT

Tá an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh (ITT)/An Crann Taca, ag glacadh le hiarratais ar phost mar Riarthóir Airgeadais agus Maoirseoir Riaracháin. Beidh an té a cheapfar freagrach as riaradh airgeadais agus obair oifige an ITT, faoi stiúir an Bhainisteora. Ní mór d'iarrthóirí taithí riaracháin a bheith acu, agus bheadh cáilíocht tríú leibhéal sa réimse ina bhuntáiste. Tá caighdeán maith Gaeilge riachtanach don phost. Is féidir iarratais agus CV a sheoladh ag ittancranntaca@gmail.com nó chuig An Rúnaí, Ionad Tacaíochta Teaghlaigh/An Crann Taca Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe roimh a 5.00 i.n. Dé hAoine, 10 Samhain 2023 Is féidir eolas breise a fháil maidir le sonraí an phoist ach teagmháil a dhéanamh ittancranntaca@gmail.com

# CEOLÁN

**Sheoil TG4 agus Stiúideo Cuan sraith nua ceoil comhaimseartha Gaeilge le gairid atá le fáil ar chaineál YouTube TG4. Ceolán is ainm don tsraith nua seo atá dírithe ar 'Ghlúin Z'. 24 físeán ar an iomlán atá ann ó scoth na grúpaí agus ceoltóirí comhaimseartha. Ina measc tá; Síomha, Grooveline, Spásas, Anna Mullarkey, Tadhg, Clagarnach & Ultan O' Brien, SMAC_U, Caoimhe & Séamus Ó Flatharta agus Bríd Kenny. Tá raon leathan de sheánraí ceoil le fáil ar an gcainéal freisin ó cheol pop, comhaimseartha agus funk go ceol ailtéarnach, miotal, leictreonach agus ceol dúchasach. Is ceol úrnua uilig atá ann agus tugann Ceolán deis agus ardán iontach do scoth an cheoil chomhaimseartha Gaeilge. Le Glúin Z i gcuimhne, ach go háirithe, réitíodh ábhar de chuid Ceolán le go mbeadh sé feilúnach do na meáin shothghluaiste. Aidhm amháin atá ag an togra seo ná scaipfí na físeáin ar na meáin agus go dtabhrfaí deis do Ghlúin Z aitheantas agus ard a thabhairt dá gcomhaoisí, dá suimeanna agus stíleanna féin trí mheán an ábhair tharraingteach seo. 'Sé Paul D'Eath a bhí ina stiúrthóir ar an togra agus 'sé Darach Mac Con Iomaire, Stiúrthóir Cruthaitheach Stiúideo Cuan, a léirigh. Dhear Jonathon Parson, Mutegrab, na graificí agus b'é Liam King a bhí i mbun na fuaime. Is féidir teacht ar 'CEOLÁN' anseo: www.youtube.com/tg4**






# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA CHOMHARCHUMANN SHAILEARNA

Cuireann Comharchumann Shailearna fáilte roimh an bpobal chuig seoladh 'Plean Gníomhaíochta an Cheantair 2023-2028' ar an gCéadaoin 15 Samhain. 'Sé Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, a sheolfaidh an plean go hoifigiúil. Cuirfear tús le cúrsaí @ 6:30i.n.

# LITIR CHUIG SANTAÍ

Tá Tuimsitheoirí na Gaeltachta ag tabhairt cúnaimh do Dhaidí na Nollag arís i mbliana - ar ndóigh, tá sé thar a bheith gnóthach ag an am seo den bhliain! Baileoidh Tuismitheoirí na Gaeltachta litreacha ó ghasúir na Gaeltachta ar fad le chéile le cinntiú go mbaineann siad a gceannscríbe amach - An Pol Thuaidh, le go mbeidh sé in ann iad a fhreagairt. Ní gá ach do litir a sheoladh chuig f/c Tuismitheoirí na Gaeltachta, An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe. Ná déan dearmad ainm agus seoladh an ghasúir a scríobh ar an litir freisin nó beidh mearbhall ar an bhFear Mór! Moltar na litreacha a bheith seolta roimh an gCéadaoin 6 Nollaig.





# CEARDLANN AN SPIDÉIL

## Aonach Na Nollag

Blaiseadh Fíona Lascainí Siamsaíocht do Ghasúir

Scailtín Fíona & Seacláid The Saor in Aisce

Ceol Beo Taispeántais Ceardaíochta

Agus níos mó!

De Sathairn 18ú Samhain ó

10r.n.-2i.n

091 558559.

# AONACH NA NOLLAG

Tá Aonach na Nollag á reáchtáil ag Ceardlann an Spidéil ar an Satharn 18 Samhain ó 10r.n.-2i.n. Beidh neart le déanamh agus le feiceáil ar an lá - le deiseanna iontacha siopadóireachta san áireamh! Beidh lascainí ar fáil ó na siopaí éasgúla ag an gCeardlann chomh maith le blaisíní áille le triáil! Beidh ceardlanna ceardaíochta ar siúl ar an lá freisin, le d’iarrachtaí féin a dhéanamh bronntanas deas a chruthú do dhuine éigin! Chomh maith le sin, beidh neart ceoil beo le cloisteáil ar an láthair agus gníomhaíochtaí spraíúla le haghaidh na gasúir! Ná bí buartha faoin bhfuacht - beidh seacláid the agus scailtín fíona saor in aisce ar fáil freisin! Le níos mó eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le 091 558 559

# FOLÚNTAS AG AN gCÉAD EITILT

**Tá An Chéad Eitilt, sna Forbacha, ag iarraidh cur lena bhfoireann. Tá sé riachtanach go bhfuil cáilíocht Leibhéal 5, ar a laghad, i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann), ag iarrthóirí agus tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil taithí ag iarrthóirí ag obair agus ag plé le páistí faoi chúig bliana d'aois. Chomh maith le sin, tá sé tábhachtach go bhfuil taithí ag iarrthóirí ar a bheith ag obair mar bhall d'fhoireann. Le níos mó eolais a fháil, nó le cur isteach ar phost ag an gCéad Eitilt, is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag ffcmfurbo@ @gmail.com nó ar an bhfón ag 091 590 814**





# TRÁTH NA gCEIST

Tá tráth na gceist á reáchtáil ag Coiste na dTuismitheoirí ag Scoil Sailearna ar an Déardaoin 7 Nollaig i dTigh Chualáin. Beidh táille de €10 in aghaidh an duine, nó €40 do bhord de cheathrar le íoc le páirt a ghlacadh ann ach beidh duaiseanna iontach le buachan ar an oíche. Is féidir ticéid a cheannach ar an oíche. Cuirfear tús le cúrsaí @ 7i.n.

# TIGH STANDÚN: GNÓ BEAG NA BLIANA

Bronnadh gradam ar Thigh Standún le gairid ag Gradaim na nGnó Teaghlaigh 2023. Ainmníodh Tigh Standún mar Ghnó Beag na Bliana ag an searmanas bronnta a bhí ar siúl i dTeach an Ardmhéara, Baile Átha Cliath ar an 3 Samhain, agus bronnadh an duais ór orthu. Comhghairdeachas ó chroí leis an bhfoireann uilig Tigh Standún.




# MAIDIN CHAIFE: AN BLÁTH FIÁIN

Tá maidin chaife á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar an Aoine 10 Samhain @ 11r.n. ag an mBláth Fiáin, sa Spidéal. Bíonn an mhaidin shóisialta ar siúl ar an gcéad Aoine de chuile mhí, ach cuireadh siar í an mhí seo ionas nach mbeadh sí ag teacht salach ar Oireachtas na Samhna. Fáilte roimh chách!

# FOLÚNTAS AG SCÉAL EILE

Tá Comharchumann Shailearna sa tóir ar dhuine cruthaitheach, tionscantach mar cheannaire siopa a bheadh lonnaithe sa siopa carthanchta *Scéal Eile,* An Cnoc, Indreabhán. Is féidir níos mó eolais a fháil faoin ról, maidir le scileanna agus taithí atá ag teastáil le cur isteach ar an bpost, ach teagmháil a dhéanamh leis an gcomharchumann ag 091 399 199 nó is féidir teachtaireacht a sheoladh chucu ag sailearna@gmail.com Is féidir litir chumhdaigh/iarratais chomh maith le cóip de do CV a sheoladh chuig: An Bainisteoir, Comharchumann Shailearnta Teo., Na hAille, Indreabhán roimh an 14 Samhain le cur isteach ar an bpost. Iarrtar ar iarratasóirí sonraí teagmhála do bheirt mholtóirí a bheith san áireamh lena n-iarratas.

# BUAITEOIRÍ OIREACHTAIS: CEILIÚRADH CHOIS FHARRAIGE!

Beidh ceiliúradh ar siúl ag an bPoitín Stil ar an Aoine 10 Samhain leis na héachtaí éagsúla atá bainte amach ag muintir Chois Fharraige, ag Oireachtas na Samhna, a cheiliúradh agus aitheantas a thabhairt don obair mhór a chuir na buaiteoirí agus na hiomaitheoirí uilig isteach agus iad ag réiteach do chomórtais na bliana seo. Beidh fáilte roimh ghasúir ag an gceilúradh ó 6:30i.n. agus beidh imeachtaí do na daoine fásta ag tosú thart ar 9i.n. Is iomaí corn, bonn agus teastas a tháinig abhaile go Cois Fharraige i mbliana agus is mór an údar bróid é don cheantar. Déanann Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga comhghairdeachas ó chroí leis na hiomaitheoirí agus na buaiteoirí uilig. Treise libh, a chairde!

# Buaiteoirí Chois Fharraige ag Oireachtas na Samhna 2023
# Bail ó Dhia oraibh!

Damhsa ar an Sean-Nós (Comórtas F) (Daoine Óga)Savine Ní Ghéibheannaigh, An Baile Láir

Amhránaíocht ar an Sean-Nós (Comórtas E) (Daoine Óga) Liam Simon Riggott, Cor na Rón, Indreabhán

Amhránaíocht ar an Sean-Nós (Comórtas F) (Daoine Óga) Clíodhna Ní Neachtain, An Chré Dhubh

Amhránaíocht ar an Sean-Nós (Comórtas G) (Daoine ÓgaDearbhail Nic Dhonncha, Ros a Mhíl

Aithriseoireacht (Comórtas A) (Daoine Óga) Isobel Ní Sheasnáin, F/Ch Scoil Sailearna

Aithriseoireacht (Comórtas B) (Daoine Óga) Síofra Ní Fhlatharta, f/ch Scoil Sailearna

Aithriseoireacht (Comórtas C) (Daoine Óga) Laoise Nic Éinrí, F/Ch Scoil Sailearna

Scéalaíocht (Comórtas A) (Daoine Óga) Saoirse Ní Neachtain, An Chré Dhubh

Scéalaíocht (Comórtas D) (Daoine Seán Óg Ó Fátharta, Baile na hAbhann

Agallamh Beirte (Comórtas A) (Daoine Óga) Saoirse Ní Neachtain & Éle Nic Conaill, Cois Fharraige

Agallamh Beirte (Comórtas B) (Daoine Óga) Laoise Ní Neachtain & Saoirse Nic an Iomaire, F/Ch Scoil Sailearna

Agallamh Beirte (Comórtas C) (Daoine Óga) Caoimhe Ní Choirbín & Lúcás Ó Curraoin, F/Ch Scoil Sailearna

Agallamh Beirte (Comórtas D) (Daoine Óga) Cuán Canny & Diarmaid Mac Réamoinn, f/ch Scoil Sailearna

Agallamh Beirte (Comórtas E) (Daoine Óga) Neans Nic Dhonncha & Déithín Ní Fhátharta, F/Ch Tuismitheoirí na Gaeltachta, An Cheathrú Rua & Indreabhán

Lúibíní (Comórtas A) (Daoine Óga) Ada Ní Thuairisg & Holly Ní Dhonnacha, F/Ch Scoil Sailearna

Lúibíní (Comórtas B) (Daoine Óga) Clíodhna Ní Neachtain & Laoise Ní Neachtain, An Chré Dhubh

Damhsa Aonair ar an Sean-Nós (Daoine Fásta) Becky Ní Éallaithe, Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Dreas Cainte (Daoine Fásta) Ray Mac Mánais, Fleenstown, An Barda, Co. na Mí & Maitiú Ó Coimín, Na hAille

Scéalaíocht - Príomhchomórtas (Daoine Fásta) Máirín Mhic Lochlainn, Baile na mBrabach

Agallamh Beirte (Daoine Fásta) Traolach Ó Conghaile & Seán Ó Gráinne, Baile Liam, An Spidéal

Sceitse (Daoine Fásta) Páid Ó Neachtain, Aisling Ní Neachtain & Bróna Ní Uallacháin, An Chré Dhubh An Chéad Chorróig Eile, Cois Fharraige

Amhrán Nuachumtha (Daoine Fásta) Fearghas Mac Lochlainn, An Spidéal

Amhrán Saothair Fearghas Mac Lochlainn & Éamon Ó Donnchadha, An Spidéal

Comórtas Cáilithe Amhránaíochta ar an Sean-Nós d'fhir Seán Ó Gráinne, Na Forbacha

Sean-Nós na mBan (Daoine Fásta) Bróna Ní Cheallacháin, An Chré Dhubh

Corn Uí Riada, An Tríú hÁit, Caitlín Ní Chualáin, An Teach Mór Thiar

**Buaiteoir Chorn Uí Riada Colm Jimmy Ó Curraoin, Na Mine**










Savine Ní Ghéibheannaigh


Ada & Holly








Páid Ó Neachtain, Aisling Ní Neachtain & Bróna Ní Uallacháin
An Chré Dhubh,An Spidéal, Co. na Gaillimhe








An Chéad Chorróig Eile
Cois Fharraige, Co. na Gaillimhe

